Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9769/1/22**
**REV 1**

**ECOFIN 558**
**UEM 161**
**SOC 352**
**EMPL 234**
**COMPET 455**
**ENV 556**
**EDUC 225**
**RECH 348**
**ENER 264**
**JAI 819**
**GENDER 97**
**ANTIDISCRIM 77**
**JEUN 108**
**SAN 353**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2)/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9421/22 - COM(2022) 622 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Polainne agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2022 na Polainne um Chóineasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle, bunaithe ar thogra COM (2022) 622 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Polainne agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2022 na Polainne um Chóineasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ar athchóirithe agus infheistíocht í a mhaoiníonn an tAontas ó thaobh buiséid de. Cuidítear, leis sin, leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cur chun feidhme athchóirithe atá inbhuanaithe agus a spreagann fás agus infheistíocht, go háirithe chun na haistrithe digiteacha agus glasa a chur chun cinn, agus neartaítear athléimneacht agus fás ionchasach gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sé freisin le hairgeadais phoiblí inbhuanaithe a neartú agus le borradh a chur faoi fhás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tabharfar an ranníocaíocht uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cothrom le dáta i mí an Mheithimh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

---

2 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, rud a chur tús le Seimeastar Eorpach 2022 le haghaidh comhordú beartais eacnamaíoch. Thug sí aird chuí ar Ghealltanas Sóisialta Porto a síníodh an 7 Bealtaine 2021 chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017 a chur chun feidhme a thuilleadh. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe an 25 Márta 2022. An 24 Samhain 2021, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], ghlac an Coimisiún freisin an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, ar tuarascáil í nár sainaithníodh an Pholainn inti mar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ar an dáta céanna, ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach 2022 ar Fhostaíocht ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 14 Márta 2022.

3 Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú (IO L 306, 23.11.2011, lch. 25).

(3) Tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch i ngeall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin i ndiaidh na paindéime domhanda. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú, *inter alia*, trí phraghsanna fuinnimh, bia agus amhábhair níos airde, agus trí ionchais fáis níos laige. Luíonn na praghsanna fuinnimh go trom, go háirithe, ar na teaghlaigh is leochailí a bhfuil cónaí orthu i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, chomh maith leis na gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de. Tá rabharta isteach na ndaoine atá ag teitheadh ón Úcráin gan fasach le feiceáil san Aontas freisin. Bhí tionchar neamhshiméadrach ag na héifeachtaí eacnamaíocha a d'eascair as cogadh foghach na Rúise ar na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle[4], cuireadh Treoir 2001/55/CE ón gComhairle[5] i ngníomh den chéad uair, lena dtugtar an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas do dhaoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar mhargadh an tsaothair, ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar leas sóisialta. Cuirtear tacaíocht eisceachtúil ar fáil don Pholainn faoin tionscnamh maidir leis an nGníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE) agus trí réamh-mhaoiniú breise faoi Chúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar riachtanais ghlactha agus lánpháirtithe na ndaoine sin atá ar a dteitheadh ón Úcráin.

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

5 Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

(4) Agus an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa á cur san áireamh, athbhunaíonn an Seimeastar Eorpach a bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta ar bhonn leathan in 2022, agus forbraítear é ag an am céanna i gcomhréir le ceanglais chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, mar a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2022. Tá cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh ríthábhachtach chun cuspóirí comhordaithe an bheartais eacnamaíoch faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é go dtugtar aghaidh sna pleananna ar fhothacar suntasach ar a laghad de na moltaí tír-shonracha ábhartha a eisíodh i dtimthriallta Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020. Tá na moltaí tírshonracha in 2019 agus in 2020 fós chomh ábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241, sa bhreis ar aon mholtaí eile tírshonracha eile arna n-eisiúint suas go dtí an dáta a chuirtear isteach pleananna téarnaimh agus athléimneachta den sórt sin atá athbhreithnithe, nuashonraithe nó leasaithe.

(5) Tá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis gníomhach ó mhí an Mhárta 2020. I dTeachtaireacht uaidh an 3 Márta 2021 dar teideal *One year since the outbreak of COVID-19* [aon bhliain amháin ó thosaigh COVID-19: freagairt an bheartais fhioscaigh], leag an Coimisiún amach a thuairim gur cheart an cinneadh maidir le clásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú nó a chur i bhfeidhm go leanúnach a dhéanamh mar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair, agus leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas nó sa limistéar euro i gcomparáid leis an leibhéal réamh-ghéarchéime (deireadh 2019) mar phríomhchritéar cainníochtúil. Mar gheall ar éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí láidre taobh thiar den ionchas eacnamaíoch i gcomhthéacs an chogaidh san Eoraip, is gá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a leathnú go gcuirfear síneadh le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis le linn 2023.

(6) De réir an chur chuige atá sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021[6] ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2021 na Polainne um Chóineasú, is fearr an seasamh fioscach foriomlán a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh), ach caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais a áireamh, i gcoibhneas leis an bhfás féideartha meántéarmach[7]. Agus níos faide ná an staid fhioscach fhoriomlán, d'fhonn a mheas an bhfuil an beartas fioscach náisiúnta stuama agus an bhfuil a chomhdhéanamh fabhrach do théarnamh inbhuanaithe a bheidh comhsheasmhach leis na haistrithe glasa agus digiteacha, tabharfar aird freisin ar an éabhlóid ar phríomhchaiteachas reatha[8] arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus ar an infheistíocht.

---

6 Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 inar tugadh tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2021 na Polainne um Chóineasú, IO C 304, 29.7.2021, lch. 98.

7 Is meastacháin ón gCoimisiún iad na meastacháin ar an staid fhioscach agus a chomhpháirteanna sa Mholadh seo bunaithe ar na toimhdí is bunús le réamhaisnéis earraigh 2022 an Choimisiúin. Sna meastacháin ón gCoimisiún ar fhás ionchasach meántéarmach, ní áirítear tionchar dearfach na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoin bhfás féideartha.

8 Ní mhaoinítear iad le deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ná le cistí eile de chuid an Aontais.

(7) An 2 Márta 2022, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoir leathan ar fáil maidir le beartas fioscach in 2023 ('an treoir fhioscach') a raibh sé mar aidhm léi tacú le hullmhú Chláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú agus comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún dá aire, go mbeadh sé iomchuí in 2023, ar bhonn an ionchais mhaicreacnamaíoch a bhí i réamhaisnéis an gheimhridh 2022, aistriú ó sheasamh fioscach comhiomláin tacaíochta in 2020-2022 go staid chomhiomlán fhioscach a bheadh neodrach tríd is tríd, agus go bhfuil sé réidh chun freagairt don staid eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn. D'fhógair an Coimisiún gur cheart leanúint de dhifreáil a dhéanamh idir na moltaí fioscacha do 2023 idir na Ballstáit agus iarmhairtí trastíortha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an treoir a léiriú ina gCláir Chobhsaíochta nó ina gCláir um Chóineasú. Gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé dlúthfhaireachán ar na forbairtí eacnamaíocha agus go n-athróidh sé a threoir beartais de réir mar is gá agus ar a dhéanaí ina phacáiste earraigh den Seimeastar Eorpach a bheidh ann ag deireadh mhí na Bealtaine 2022.

(8) Maidir leis an treoir fhioscach, cuirtear san áireamh sna moltaí fioscacha do 2023 an t-ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas, an éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí níos ísle, agus an boilsciú níos airde i gcomparáid le réamhaisnéis an gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór don fhreagairt fhioscach infheistíocht phoiblí a leathnú i gcomhair na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na slándála fuinnimh, agus cumhacht ceannaigh na dteaghlach is leochailí a choimeád ar bun chun tionchar na dteithe praghsanna fuinnimh a mhaolú agus chun an brú boilscithe a theorannú ón dara babhta trí bhearta spriocdhírithe agus sealadacha. Ní mór don bheartas fioscach leanúint de bheith ag dul in oiriúint do na cúinsí atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear dúshláin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine i ndáil le cosaint agus slándáil, agus ní mór dó idirdhealú a dhéanamh idir na Ballstáit de réir a staide fioscaí agus eacnamaíche, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena nochtadh don ghéarchéim agus le rabhartaí daoine easáitithe ón Úcráin.

(9) An 3 Bealtaine 2021, chuir an Pholainn a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 17 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn[9]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina luaitear go bhfuil an Pholainn tar éis na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Glactar leis, trí na clocha míle agus na spriocanna sin a bheith comhlíonta go sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(10) An 29 Aibreán 2022, thíolaic an Pholainn a Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú agus, an 28 Aibreán 2022, a Clár 2022 um Chóineasú i gcomhréir leis an spriocdháta a leagadh síos in Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile chun na naisc eatarthu a chur san áireamh.

(11) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2022 don Pholainn an 23 Bealtaine 2022. Rinne sé measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag an bPolainn maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle in 2019, 2020 agus 2021. Measúnaíodh freisin an dul chun cinn atá déanta ag an bPolainn maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, laghdú scileanna agus laghdú bochtaineachta a bhaint amach, chomh maith leis an dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

[9] 9728/2022; 9728/2022 ADD1.

(12) An 23 Bealtaine 2022, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Pléadh staid bhuiséadach na Polainne sa tuarascáil sin, ós rud é go bhfuil sé beartaithe go sáróidh a heasnamh ginearálta rialtais in 2022 luach tagartha an Chonartha, arb é 3 % de OTI é. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir le teachtaireacht an 2 Márta 2022, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua maidir le heasnamh iomarcach a oscailt in earrach na bliana 2022 agus déanfaidh sé athmheasúnú ar cibé acu an mbeidh sé riachtanach nó nach mbeidh a mholadh go gcuirfí tús le nósanna imeachta den sórt sin i bhfómhar 2022.

(13) I Moladh uaithi an 20 Iúil 2020[10], mhol an Chomhairle don Pholainn na bearta uile is gá a dhéanamh in 2020 agus 2021, i gcomhréir leis an gclásal éalaithe ginearálta, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh ina dhiaidh sin. Mhol sí freisin go saothródh an Pholainn, nuair is féidir sin sna dálaí eacnamaíocha, beartais fhioscacha atá dírithe ar sheasaimh fhioscacha stuama mheántéarmacha a bhaint amach agus ar inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus feabhas á chur ar an infheistíocht ag an am céanna. In 2021, de réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, laghdaigh easnamh ginearálta rialtas na Polainne ó 6,9 % de OTI in 2020 go 1,9 %. Thacaigh freagairt an bheartais fhioscaigh ón bPolainn leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021, agus tháinig laghdú ar bhearta sealadacha éigeandála ó 4,5 % de OTI in 2020 go 2,7 % in 2021. Bhí na bearta a ghlac an Pholainn in 2021 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020. Den chuid is mó, bhí na bearta buiséadacha lánroghnacha a ghlac an rialtas in 2020 agus 2021 sealadach nó comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh. De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit fiachas ginearálta an rialtais ó 57,1 % de OTI in 2020 go 53,8 % de OTI in 2021.

---

[10] Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020 maidir le Clár Náisiúnta 2020 na Polainne um Athchóiriú agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár 2020 na Polainne um Chóineasú (IO C 282, 26.8.2020, lch. 135).

(14) Tá an cás maicreacnamaíoch atá mar bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár 2022 um Cóineasú réalaíoch. Tá sé tuartha ag an rialtas go méadóidh fíor-OTI faoi 3,8 % in 2022 agus 3,2 % in 2023. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún go mbeidh fás iarbhír OTI níos ísle de 3.7 % ann in 2022 agus 3.0 % in 2023, go príomha mar gheall ar an mboilsciú réamh-mheasta níos airde a meastar tionchar a bheith aige ar thomhaltas príobháideach agus ar infheistíocht phríobháideach, agus ar rannchuidiú níos ísle de ghlanonnmhairí. Ina Chlár 2022 um Chóineasú, tá an rialtas ag súil go dtiocfaidh méadú ar an easnamh ceannlíne go 4,3 % de OTI in 2022, agus go 3,7 % in 2023. Léiríonn an méadú in 2022 go príomha costas ard cabhrach do dhaoine easáitithe as an Úcráin, bearta a bhaineann le praghsanna arda fuinnimh agus mór-athchóiriú cánach (Comhaontú na Polainne). De réir Chlár 2022 um Chóineasú, meastar go laghdóidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI go 52,1 % in 2022, agus go 51,5 % in 2023. Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún easnamh rialtais de 4,0 % de OTI agus 4,4 % faoi seach do 2022 agus 2023. Don bhliain 2022, tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár 2022 um Chóineasú, go príomha mar gheall ar OTI ainmniúil réamh-mheasta níos airde. Don bhliain 2023, tá an t-easnamh measta níos airde ná mar atá sa Chlár um Chóineasú go príomha mar gheall ar ioncam níos ísle agus an méadú ar chostas na cabhrach do dhaoine easáitithe as an Úcráin. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtas le OTI níos ísle, 50,8 % in 2022 agus 49.8 % in 2023. An boilsciú réamh-mheasta níos airde agus toimhdí éagsúla ar choigeartuithe sreafa stoic in 2023 is cúis leis an difríocht. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, is é 3,4 % an fás aschuir féideartha measta sa mheántéarma (meán 10 mbliana). Mar sin féin, ní áirítear sa mheastachán sin tionchar na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoi fhás ionchasach na Polainne.

(15) In 2022, chuir an rialtas deireadh leis na bearta a glacadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19, sa chaoi is go meastar go dtiocfaidh laghdú ar na bearta sealadacha éigeandála ó 2,7 % de OTI in 2021 go 0,0 % in 2022. Tá an t-easnamh rialtais faoi thionchar na mbeart a glacadh chun dul i ngleic le tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh, rud a mheastar sa réamhaisnéis earraigh ón gCoimisiún do 2022 ag 1,0 % de OTI in 2022 agus meastar go gcuirfí deireadh leo de réir a chéile in 2023.[11] Is éard atá i gceist leis na bearta sin, den chuid is mó, ciorruithe ar chánacha indíreacha ar thomhaltas fuinnimh agus ar aistrithe sóisialta chuig teaghlaigh níos boichte. Fógraíodh na bearta sin mar bhearta sealadacha. Mar sin féin, i gcás ina bhfanfaidh praghsanna fuinnimh ag leibhéal ardaithe in 2023, d'fhéadfaí leanúint le cuid de na bearta sin. Níl roinnt de na bearta sin spriocdhírithe, go háirithe na ciorruithe i ngach réimse ar cháin bhreisluacha agus dleachtanna máil. Tá tionchar ag na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin ar an easnamh rialtais freisin, rud a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún ag 0,6 % de OTI in 2022 agus 0,8 % in 2023[12].

(16) Ina Mholadh an 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go saothródh an Pholainn seasamh fioscach tacúil in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna mhaoiniú go náisiúnta. Mhol an Chomhairle freisin go saothródh an Pholainn, nuair is féidir sin sna dálaí eacnamaíocha, beartas fioscach atá dírithe ar shuíomhanna fioscacha stuama meántéarmacha a bhaint amach agus an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántéarma, agus an tráth chéanna, feabhas a chur ar an infheistíocht chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis.

---

11 Léirítear leis na figiúirí leibhéal chostais bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin a rinneadh ó fhómhar 2021, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

12 Glactar leis go mbeidh líon iomlán na ndaoine easáitithe ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach chomh hard le 6 mhilliún duine de réir a chéile faoi dheireadh 2022, agus meastar a ndáileadh geografach bunaithe ar mhéid an diaspóra atá ann cheana, ar dhaonra coibhneasta an Bhallstáit ghlactha, agus ar dháileadh iarbhír na ndaoine easáitithe ón Úcráin ar fud an Aontais ó mhí an Mhárta 2022. I gcás costais bhuiséadacha in aghaidh an duine, tá meastacháin bunaithe ar shamhail mhicreashamhlú Euromod de chuid Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, agus an dá aistriú airgid á gcur san áireamh, d'fhéadfadh daoine a bheith incháilithe do shochair chomhchineáil, amhail oideachas agus cúram sláinte.

(17) In 2022, de réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún agus lena n-áirítear an fhaisnéis a ionchorpraítear i gClár 2022 na Polainne um Chóineasú, meastar go mbeidh an seasamh fioscach tacúil ag -3,4 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle[13]. Tá sé beartaithe ag an bPolainn leanúint de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú, mar a mhol an Chomhairle. Meastar go dtiocfaidh méadú 0,1 pointe céatadáin OTI i gcomparáid le 2021 ar an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais[14]. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach ar fáil don staid fhioscach dar méid 0,3 pointe céatadáin in 2022[15]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an bPolainn infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2022 ranníocaíocht mhéadaitheach de 2.7 pointe céatadáin don seasamh fioscach foriomlán. Áirítear ar an rannchuidiú suntasach leathnaithe sin tionchar breise na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bheidh ag an méadú ar phraghsanna fuinnimh (1,0 % de OTI) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,6 % de OTI), agus ag an am céanna meastar go rannchuideoidh liúntas cúraim nua do leanaí óga (an Caipiteal Cúraim Teaghlaigh) (0,1 % de OTI) leis an bhfás ar ghlanchaiteachas reatha.

---

13 Freagraíonn comhartha diúltach den táscaire do bharrachas fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach forleathnaitheach.

14 Is réamh-mheastacháin de chuid an Choimisiúin iad seo. Níl measúnú déanta ag an gCoimisiún fós ar an bplean athléimneachta agus téarnaimh don Pholainn.

15 Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach dar méid 0,4 pointe céatadáin de OTI, lena n-áirítear aistrithe go dtí banc forbartha na Polainne (BGK).

Ó thaobh an ioncaim de, réamh-mheastar go gcuirfidh an laghdú ar an ráta cánach ioncaim phearsanta faoi Chomhaontú na Polainne (0,7 % de OTI) agus an laghdú ar rátaí cánach ioncaim chorparáidigh (0,1 % de OTI) leis an seasamh fioscach leathnaitheach. Meastar go mbeidh tionchar ag an méadú níos airde ar phraghsanna tomhaltóirí i gcomparáid leis an díbhoilsceoir OTI ar ranníocaíocht mhéadaitheach an chaiteachais phríomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta in 2022, tríd an gcaiteachas ar thomhaltas earraí agus seirbhísí an rialtais a mhéadú.

(18) In 2023, tuartar go mbeidh an seasamh fioscach i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún dar méid +1,7 % de OTI ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann[16]. Meastar go leanfaidh an Pholainn d'úsáid a bhaint as na ndeontas ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2023 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh. Meastar go dtiocfaidh méadú 0,1 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022 ar an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Réamh-mheastar go gcuirfidh infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht chrapthach ar fáil don staid fhioscach dar méid 0,3 pointe céatadáin in 2023[17]. An tráth céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2023 ranníocaíocht chraptha de 1.4 pointe céatadáin don seasamh fioscach foriomlán. Áirítear leis sin an tionchar ó dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar phraghsanna méadaithe fuinnimh (0,9 % de OTI) agus costais bhreise chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe as an Úcráin (0,2 % de OTI).

16 Freagraíonn comhartha dearfach den táscaire d'easnamh fáis ar chaiteachais phríomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach crapthach.

17 Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht chrapthach dar méid 0,1 pointe céatadáin de OTI.

(19) I gClár 2022 um Chóineasú, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile go 3,1 % de OTI in 2024 agus go 2,5 % faoi 2025. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go rachaidh easnamh ginearálta an rialtais faoi bhun 3 % de OTI faoi 2025. Ní sholáthraítear aon fhaisnéis, áfach, faoi na bearta comhdhlúthaithe bunúsacha atá beartaithe. De réir Chlár 2022 um Chóineasú, meastar go laghdóidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI faoi 2025, go sonrach le laghdú go 51,0 % in 2024 agus laghdú eile go 49,7 % in 2025. De réir anailís an Choimisiúin, is cosúil gur meánrioscaí iad na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma.

(20) Leis an athchóiriú leanúnach ar an gcóras buiséid, nuair a chuirfear chun feidhme go hiomlán é, táthar ag súil go méadófar éifeachtúlacht an chaiteachais trí dhul i ngleic le laigí seanbhunaithe sa phróiseas buiséid. Áirítear orthu sin aicmithe buiséid casta agus as dáta; taifeadadh fo-optamach faisnéise; easpa fíorphleanála meántéarma, agus easpa giarála dírí ar athbhreithnithe caiteachais ar an bpróiseas buiséid. Meastar go mbeidh brú breise ar airgeadas poiblí na Polainne san fhadtéarma, go háirithe mar gheall ar aosú an daonra. Cuireann na fachtóirí sin leis an ngá atá le huirlisí nua chun bainistiú caiteachais a neartú, lena n-áirítear measúnú rialta ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht. Le linn na paindéime, áfach, cuireadh an chuid is mó den chaiteachas ar bhearta COVID-19 trí chiste tiomnaithe arna bhainistiú ag banc forbartha agus trí mheán airgeadais lasmuigh den bhuiséad. Cé gur thug sé sin níos mó solúbthachta do na húdaráis maidir leis an gcaiteachas a bhaineann le géarchéim a bhainistiú agus gur chuir sé ar a gcumas sárú ar an leibhéal bunreachtúil fiachas phoiblí a sheachaint, chuir sé teorainn freisin leis an ngrinnscrúdú parlaiminteach ar chaiteachas agus leis an rochtain phoiblí ar fhaisnéis thráthúil maidir le caiteachas poiblí.

(21) Tá an Pholainn ar cheann de na tíortha is tapúla atá ag dul in aois san Aontas agus tá tionchar ag na treochtaí déimeagrafacha fadtéarmacha ar chóras na bpinsean. Leis an gcóras ranníocaíochtaí sainithe pinsin atá ann faoi láthair déantar an córas a chomhardú ó thaobh airgeadais de ach ní chuirtear san áireamh leis leordhóthanacht na sochar a bheidh ann amach anseo. Mar sin féin, i ngeall ar an aois scoir íseal, an t-ionchas saoil a bheith ag ardú agus gnéithe áirithe eile den chóras, tá sé beartaithe go dtitfidh sochair phinsin amach anseo go mór i gcoibhneas leis an tuarastal deiridh. Chiallódh sé sin go mbeadh cuid mhór de phinsinéirí i mbaol bochtaineachta. Léiríonn anailís an Choimisiúin nach mbeadh ar an bPolainn ach 6,7 % breise dá OTI a chaitheamh faoi 2070 chun leibhéal na sochar a choinneáil ar an leibhéal atá ann faoi láthair. Baineann na príomhdhúshláin i gcóras pinsin na Polainne leis an aois scoir íseal agus leis na córais speisialta pinsin (e.g. feirmeoirí, seirbhísí aonfhoirmeacha), atá costasach agus fabhrach dá gcomhaltaí i gcomparáid leis an gcóras ginearálta.

(22) Thíolaic an Pholainn doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18] an 15 Nollaig 2021. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060 tá an Pholainn leis na moltaí tírshonracha ábhartha a chur san áireamh i gclársceidealú chistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021–2027. Is réamhriachtanas é sin chun éifeachtacht na tacaíochta airgeadais atá le fáil ó chistí an bheartais chomhtháthaithe a fheabhsú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar bhreisluach na tacaíochta sin, agus comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas idir cistí an bheartais chomhtháthaithe sin agus ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna. Braitheann cur chun feidhme rathúil na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta mar aon le cláir an bheartais chomhtháthaithe ar dheireadh a chur le bacainní ar infheistíocht chun tacú leis an aistriú glas agus digiteach agus ar fhorbairt chríochach chothrom.

---

18 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

(23) Tá an ráta dífhostaíochta sa Pholainn níos ísle ná riamh, ach tá srian á chur i gcónaí ar rannpháirtíocht roinnt grúpaí i margadh an tsaothair. Tá an ráta clárúcháin do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil fós ar cheann de na rátaí is ísle i measc na mBallstát, agus cuireann rochtain theoranta ar chúram leanaí cosc ar mhná dul isteach sa mhargadh saothair. Ina theannta sin, mar gheall ar thacaíocht neamhleor do chúram fadtéarmach agus aois scoir níos ísle, is é an toradh a bhíonn orthu eis-sreabhadh an lucht saothair ón margadh. Déanann éagothromaíochtaí sa mhargadh saothair difear freisin do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine ar bheagán oiliúna, a fheiceann rátaí fostaíochta atá faoi bhun mheán ábhartha an Aontais. Cé gur tugadh titim leanúnach i gconarthaí neamhchaighdeánacha saothair faoi deara le blianta beaga anuas, tá fostaíocht faoi chonarthaí sealadacha agus féinfhostaíocht lena ngabhann ranníocaíochtaí sóisialta ísle ar i gcónaí, go háirithe i measc oibrithe óga agus ar bheagán oiliúna, rud a chuireann leis an mbaol nach mbeidh pinsean leordhóthanach acu.

(24) Tá dúshláin fós os comhair chóras oideachais agus oiliúna na Polainne ó thaobh cáilíochta agus cuimsitheachta de. Chuir an paindéim leis na dúshláin sin, agus tréimhsí fada cianfhoghlama ann. Tá easpa scileanna digiteacha i measc múinteoirí, daltaí agus an daonra i gcoitinne. Ag an am céanna, níl trealamh agus nascacht TFC ar fáil go leordhóthanach do scoileanna agus do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu. Ní leor cáilíocht an bhunoideachais a fhaigheann múinteoirí. Ina theannta sin, tá tuarastal múinteoirí íseal go leor i gcomparáid le caighdeáin na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Tá tionchar aige sin ar tharraingteacht airgeadais na gairme agus, mar aon leis an easpa forbartha gairmiúla, cuireann sé le ganntanas suntasach foirne. Mar gheall ar rabharta mór na ndaoine a easáitíodh as an Úcráin, tá gá le hiarrachtaí suntasacha, lena n-áirítear maoiniú, chun freagairt leordhóthanach a thabhairt i réimse an oideachais agus na hoiliúna. Mar gheall ar an neamhréir shuntasach idir riachtanais scileanna agus riachtanais mhargadh an tsaothair, tá ganntanas lucht saothair ann, rud a léiríonn na deacrachtaí a bhíonn ag fostóirí poist oscailte a líonadh.

(25) Tá an caiteachas iomlán ar chúram sláinte i gcoibhneas le OTI fós íseal, ag 6,5 % i gcomparáid leis an meán de 9.9 % don Aontas in 2019. Braitheann córas cúraim sláinte na Polainne go hiomarcach ar ospidéil, atá thíos leis an staid airgeadais atá ag dul in olcas, le heaspa measúnaithe cáilíochta agus le heasnaimh sa bhainistíocht. Ní bhaintear dóthain úsáide as cúram othar príomhúil ná as cúram othar seachtrach. Cuireann tarraingteacht theoranta na ngairmeacha leighis le ganntanas foirne. Tá líon na ndochtúirí agus na n-altraí in aghaidh gach 1000 daonra (2,4 agus 5,1 faoi seach) i measc an líon is ísle de na Ballstáit. Tá an córas cúraim phríomhúil gann, agus tá an iomarca brú ar a chuid seirbhísí. Tá a acmhainneacht fós gan saothrú, rud a fhágann go bhfuil ualach rómhór ag baint leis ar leibhéil níos airde cúraim. Cé go gcabhraíonn ríomhsheirbhísí leathnaithe sláinte le haghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin atá os comhair an chórais sláinte, tá a nglacadh teoranta go dtí seo.

(26) Ní bhíonn leibhéil éagsúla ioncaim i gceist le cuid shuntasach den chaiteachas sóisialta, rud a fhágann gur féidir díriú níos fearr. Níl roinnt caiteachas sóisialta spriocdhírithe ná de réir tástála acmhainne. An tráth céanna, tá teorainn leis an gcumhdach sochar sóisialta do dhaoine áirithe atá ag obair faoi chonarthaí dlí shibhialta, rud a fhágann go bhfuil an grúpa sin níos leochailí. Cé go bhfuil laghdú leanúnach tagtha ar an sciar den daonra atá i mbaol na bochtaineachta ó 21 % in 2016 go 17 % in 2020, tá dúshláin fós ann. Go háirithe, meastar go beidh roinnt daoine scothaosta i mbaol mhéadaitheach bochtaineachta. Beidh tionchar aige sin go háirithe ar mhná mar gheall ar a ngairmeacha beatha níos giorra mar thoradh ar shochair phinsin níos ísle sa todhchaí. Dá ndéanfaí tairbhí a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr, mar shampla trí chur i bhfeidhm níos coitinne de chur i bhfeidhm cur chuige a bhfuil tástáil acmhainne ag baint leis, d’fhéadfaí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní poiblí chun an bhochtaineacht a chomhrac agus chun tacú leo siúd is mó atá i ngátar.

(27) Beidh an Pholainn ag brath níos mó agus níos mó ar an eolaíocht agus ar an nuálaíocht chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe fadtéarmach agus iomaíochas a áirithiú. Mar sin féin, in ainneoin roinnt dul chun cinn, tá an Pholainn chun deiridh ó thaobh aschuir nuálacha. Tá an caiteachas iomlán ar thaighde agus forbairt (T&F) íseal ag 1,39 % de OTI. Tá caiteachas gnó ar thaighde agus forbairt fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais ag 0,87 % in 2020, agus tá an sciar de chuideachtaí nuálacha fós lag, de réir an tSuirbhé ar Nuálaíocht sa Chomhphobal. Tá an Pholainn rangaithe sa cheathrú go deireanach i Scórchlár Eorpach Nuálaíochta 2021 agus tá sí sa chatagóir deireanach de 'Nuálaitheoirí atá ag Teacht Chun Cinn'. Cuireann ilroinnt mhéadaitheach na n-ionstraimí tacaíochta taighde atá ann faoi láthair bac ar an gcomhar idir an eolaíocht agus gnólachtaí, agus is constaic lárnach é chun nuálaíocht a neartú. Ina theannta sin, cuireann scileanna bainistíochta ísle agus glacadh teoranta teicneolaíochtaí i ngnólachtaí le bearnaí suntasacha táirgiúlachta idir fiontair bheaga agus mheánmhéide agus cuideachtaí móra, rud a chuireann srian le fás na nuálaíochta agus na táirgiúlachta.

(28) Tá an digiteáil chun deiridh sa Pholainn. Go háirithe, cuireann leibhéil ísle scileanna digiteacha bac ar chumas gnólachtaí infheistiú in ardréitigh dhigitithe agus dul chun cinn a dhéanamh sa slabhra luacha, agus ag an am céanna rannchuidiú le ganntanas saothair agus scileanna. Maidir leis an mbonneagar digiteach, cé go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as leathanbhanda fosaithe, tá na dúshláin i bhforbairt 5G ard i gcónaí. Go háirithe, níor cumhdaíodh ach 34 % de theaghlaigh le teicneolaíocht 5G in 2021, teicneolaíocht atá faoi bhun 65 %, meán an Aontais, agus níl ullmhacht 5G ag dul chun cinn toisc go bhfuil an speictream raidió comhchuibhithe le haghaidh imscaradh 5G fós le sannadh. Ar deireadh, dá mbainfí úsáid níos mó as teicneolaíochtaí digiteacha sa riarachán poiblí, d'fhéadfaí feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí rialtais agus d'fhéadfaí an t-ualach rialála agus riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú.

(29) Tá ról tábhachtach ag timpeallacht ghnó atá cobhsaí agus intuartha agus timpeallacht chairdiúil infheistíochta sa téarnamh eacnamaíoch iarphaindéime agus i bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe sa mheántéarma agus san fhadtéarma araon. Is gnéithe riachtanacha iad neamhspleáchas, éifeachtúlacht agus cáilíocht an chórais cheartais i ndáil leis sin. Sa Pholainn, tá an smacht reachta ag dul in olcas, agus is cúis mhór imní i gcónaí é neamhspleáchas na mbreithiúna, mar thoradh ar roinnt rialuithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine. Ina theannta sin, in 2021 sheol an Coimisiún nós imeachta um shárú i gcoinne na Polainne tar éis rialuithe áirithe ó Bhinse Bunreachtúil na Polainne, a rinne agóid go háirithe i gcoinne phríomhacht dhlí an Aontais, lenar cuireadh feidhmiú dhlíchóras na Polainne agus an Aontais i mbaol.

(30) Timpeallacht rialála atá fónta agus cobhsaí is ea an bonn chun fás eacnamaíoch agus infheistíocht phríobháideach a chothú. Mar sin féin, tá timpeallacht rialála atá dothuartha agus trom ag cur bac ar thimpeallacht na hinfheistíochta i gcónaí. Cuireann athruithe go minic ar phríomhdhlíthe le neamhchinnteacht agus costais chomhlíonta do ghnólachtaí, go príomha mar gheall ar dhrochchomhairliúchán leis na geallsealbhóirí le linn an phróisis reachtóireachta. Tá laghdú ag teacht ar an infheistíocht phríobháideach mar chéatadán de OTI ó bhí 2016 ann agus tá sí íseal ag 18,5 % in 2020, cuid mhaith faoi bhun na bpiaraí ar fud an Aontais, meánphiaraí agus piaraí réigiúnacha. D'fhéadfadh sé sin tuilleadh dul chun cinn táirgiúlachta a theorannú agus bac a chur ar chumas na Polainne fás eacnamaíoch a chothú san fhadtéarma, go háirithe ós rud é go bhfuil méadú ar chostais aonaid saothair ag brath ar iomaíochas costais.

(31) Mar fhreagairt ar an sainordú ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Aontais a leagtar amach i nDearbhú Versailles, tá sé mar aidhm ag an togra ón gCoimisiún le haghaidh plean REPowerEU deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis a luaithe is féidir. Chun na críche sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tionscadail, na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is oiriúnaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais a shainaithint i gcomhphlé leis na Ballstáit. Is é is aidhm do na bearta sin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus imeacht ó allmhairí breosla iontaise ón Rúis.

(32) Tá meascán fuinnimh na Polainne fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise, arb 86 % dá soláthar fuinnimh iad in 2020, agus ba ghual 40 % den soláthar sin. Is ionann gás nádúrtha agus 17 % den mheascán fuinnimh, agus is ionann ola agus 28,9 %, agus méadú ag teacht ar a sciar le blianta beaga anuas. Tá ráta dícharbónaithe na Polainne mall. Faoi 2020, níor chláraigh geilleagar na Polainne ach laghdú 8 % ar na hastaíochtaí iomlána i gcomparáid le 2005.[19] Tá déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an gheilleagair 54 % os cionn mheán an Aontais. Tá gá le beartas fuinnimh athbhreithnithe, níos uaillmhianaí agus le gníomhaíocht spriocdhírithe maidir le hearnálacha nach mbaineann trádáil astaíochtaí leo chun laghdú astaíochtaí a chur chun cinn ar fud an gheilleagair. Cé go dtáirgeann an Pholainn thart ar 80 % den ghual a ídíonn sí, tá méadú tagtha ar a spleáchas ar an Rúis – arna ríomh mar sciar an allmhairithe ón Rúis ar allmhairí guail iomlána – agus shroich sí 74 % in 2020, i gcomparáid le meán an Aontais a sheasann ag 54 % . Maidir le hola, braitheann an Pholainn ar sholáthraithe eachtracha as samhail iomláine a éilimh agus is allmhairí ón Rúis iad 72 % den soláthar coigríche iomlán, i gcomparáid le meán an Aontais a sheasann ag 26 %. Bhí an Pholainn ag brath ar an Rúis le haghaidh 55 % dá gás nádúrtha in 2020, i gcomparáid le meán an Aontais a bhí ag 44 %[20]. Maidir le tionscadail bhonneagair atá ar siúl agus atá beartaithe laistigh den Pholainn agus le tíortha comharsanachta (lena n-áirítear an t-idirnascaire GIPL leis an Liotuáin atá ag feidhmiú ón 1 Bealtaine 2022), nuair a bheidh conarthaí soláthair comhfhreagracha ag gabháil leo, meastar go mbainfí leas iomlán astu sin seachas an Pholainn a bheith ag brath ar ghás Rúiseach. Moltar infheistíochtaí nua bonneagair agus líonraí a bhaineann le gás a bheith slán i gcás inar féidir, chun gaibhniú carbóin agus sócmhainní tréigthe a sheachaint agus chun a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a éascú trí chur in ionad breoslaí inbhuanaithe amach anseo. Rachaidh conradh fadtéarmach soláthair gáis na Polainne in éag le Gazprom na Rúise ag deireadh 2022 agus níl aon phleananna ag an bPolainn é a athnuachan.

[19] Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide (2021)

[20] Eurostat (2020), sciar allmhairí na Rúise os cionn allmhairí iomlána gáis nádúrtha, amhola agus guail chrua. Do mheán AE27, tá iomlán na n-allmhairí bunaithe ar allmhairí lasmuigh de AE27. I gcás na Polainne, áirítear trádáil laistigh den Aontas ar iomlán na n-allmhairí. Ní áirítear táirgí ola scagtha in amhola. Ón 27 Aibreán 2022 i leith, níl gás á fháil ag an bPolainn ón Rúis a thuilleadh.

Maolaítear go mór an tionchar díreach a bheidh ag fionraí soláthairtí gáis ag Gazprom ó Aibreán 2022 ar shlándáil fuinnimh na Polainne, mar gheall ar rochtain na Polainne ar sholáthairtí malartacha, laistigh agus lasmuigh den Aontas. Mar sin féin, éilíonn an fionraí dlús a chur le tionscadail um éagsúlú soláthair atá ar siúl agus atá beartaithe, chomh maith le comhordú méadaithe ar ghníomhaíochtaí breise laistigh den Aontas.

(33) Tá sé ríthábhachtach úsáid luathaithe a bhaint as acmhainneacht nua ghiniúna fuinnimh in-athnuaite chun spleáchas na Polainne ar allmhairí breosla iontaise a laghdú agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Níl uaillmhianta leordhóthanacha ag baint leis na spriocanna atá ann faoi láthair maidir le fuinneamh in-athnuaite faoi na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Mar sin féin, tá bacainní tábhachtacha rialála, nós imeachta agus riaracháin ann a chuireann teorainn le húsáid na hacmhainneachta in-athnuaite agus a chuireann moill ar chomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh leis an eangach. Áirítear orthu sin rialacha sriantacha maidir le comharchumainn fuinnimh, rialacha sriantacha agus nósanna imeachta fada lenar féidir an ghaoth a fhorbairt ar tír mór, castacht agus éagobhsaíocht na rialachán cánach nó nósanna imeachta fada maidir le nasc leis an eangach. Cuireann bacainní bonneagair amhail easpa acmhainneachta eangaí dáileacháin moill ar chomhtháthú foinsí in-athnuaite agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu le dreasachtaí leordhóthanacha. Thairis sin, léiríodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 (‘teachtaireacht REPowerEU’) go méadófaí táirgeadh bithmheatáin inbhuanaithe le deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise Rúiseacha. Sa chomhthéacs sin, tá deis ag an bPolainn leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe bithmheatáin lena gcomhlíontar na critéir inbhuanaitheachta ábhartha trí straitéis iomchuí chun margadh inbhuanaithe bithmheatáin a bhunú agus trí thograí nithiúla maidir lena struchtúr. Is féidir bithmheatán inbhuanaithe a úsáid i gcomhghiniúint teasa agus leictreachais agus hidrigine in-athnuaite, rud a d’fhéadfadh cuidiú le dícharbónú in earnálacha atá deacair go crua. Is tionscnamh mór é scéim náisiúnta athchóirithe na Polainne chun coirí aerthruaillithe a ionadú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú. Mar sin féin, d’fhéadfaí é a chuíchóiriú tuilleadh agus é a dhíriú níos fearr ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar na foirgnimh is mó feidhmíocht.

Ina theannta sin, is féidir fóirdheontais a dhearadh ar bhealach níos fearr d'fhoinsí teasa in ionad foinsí teasa chun gaibhniú gáis a sheachaint agus chun dreasachtaí níos láidre a sholáthar le haghaidh athchóiriú domhain agus úsáid teaschaidéil, rud atá comhleanúnach le cuspóirí an tionscnaimh 'Rabharta athchóiriúcháin' agus le cuspóirí chumarsáid REPowerEU. Leis an acmhainneacht shuntasach atá ag feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh costais a spáráil is féidir ionstraimí airgeadais inaisíoctha a úsáid, a d'fhéadfaí a úsáid chun ráta na n-athchóirithe a mhéadú i measc foirgneamh cónaithe, poiblí agus tráchtála. Leis sin, chuirfí tuilleadh feabhais ar cháilíocht an aeir, chuirfí dlús le coigilteas fuinnimh agus laghdófaí an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise i dtéamh. Beidh gá le huaillmhian bhreise maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an Pholainn ag teacht le cuspóirí 'Oiriúnach do 55'.

(34) Is é an t-iompar an dara hearnáil is mó truaillithe tar éis táirgeadh fuinnimh agus is í is cúis le tuairim is 70 % den tomhaltas iomlán ola. Is é an t-iompar de bhóthar is cúis leis an gcuid is mó de na hastaíochtaí earnála. Tá gníomhaíochtaí luathaithe chun an tsoghluaisteacht a dhícharbónú ríthábhachtach dá bhrí sin. Chabhródh dreasachtaí do mhodhanna iompair comhchoiteanna, ísealcharbóin agus gníomhacha chuige sin. Dá méadófaí tarraingteacht agus inrochtaineacht an iompair phoiblí, lena n-áirítear i limistéir thuaithe agus trí bhruachbhailte a nascadh níos fearr le hionaid ceirtleán, chabhrófaí le truailliú aeir a laghdú, thabharfaí aghaidh ar eisiamh agus chuirfí feabhas ar chaighdeán na beatha. Ba é 0,8 % de chlárúcháin nua in 2020 an sciar de ghluaisteáin saor ó astaíochtaí, sciar a bhí go mór faoi bhun mheán an Aontais de 5,3 %. Ba cheart tuilleadh tacaíochta a chur san áireamh maidir le ceannach carranna leictreacha agus infheistíochtaí suntasacha sa bhonneagar luchtaithe a éascú.

(35) Ní mór spriocanna straitéis náisiúnta fuinnimh na Polainne a ardú i gcomhréir le sprioc aeráide is uaillmhianaí an Aontais do 2030. Tá creat straitéiseach láidir, cobhsaí agus cothrom le dáta ríthábhachtach chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach san aistriú glas a threorú agus a spreagadh. Ba cheart don Pholainn machnamh a dhéanamh ar an méadú sin ar leibhéal na huaillmhéine chun deimhneacht a sholáthar d'infheisteoirí agus chun intuarthacht na timpeallachta gnó a mhéadú, agus dlús á chur ag an am céanna lena haistriú fuinnimh i gcomhréir le cumarsáid REPowerEU.

(36) Cé go mbeidh costais shuntasacha athstruchtúraithe i roinnt earnálacha mar thoradh ar an dlús atá curtha leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus ar shiúl ó bhreoslaí iontaise, is féidir leis an bPolainn úsáid a bhaint as an Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe a mhaolú sna réigiúin is mó atá buailte. Ina theannta sin, is féidir leis an bPolainn leas a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a neartú.

(37) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, scrúdaigh an Chomhairle Clár 2022 um Chóineasú agus léirítear a tuairim[22] i moladh (1),

[21] Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

[22] Faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Pholainn gníomhaíocht in 2022 agus 2023 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. In 2023, a áirithiú go mbeidh fás an phríomhchaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais, agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. A bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag teacht chun cinn. Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena gcuirtear san áireamh an tionscadal REPowerEU, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. Le linn na tréimhse tar éis 2023, saothrófar beartas fioscach atá dírithe ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí, lena n-áirítear trí leanúint leis an athchóiriú ar an gcóras buiséid. Leordhóthanacht na sochar pinsin a bheidh ann amach anseo agus inbhuanaitheacht chóras na bpinsean a áirithiú trí bhearta a dhéanamh chun an aois scoir iarbhír a mhéadú agus trí na scéimeanna pinsin fabhracha a athchóiriú.

2. An chaibidlíocht leis an gCoimisiún maidir le doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021-2027 a chur i gcrích go tapa d'fhonn tús a chur lena gcur chun feidhme.

3. Rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú, lena n-áirítear trí rochtain ar chúram leanaí agus ar chúram fadtéarmach a fheabhsú, agus deireadh a chur leis na bacainní atá ann fós ar chineálacha fostaíochta níos buaine. Oideachas ar ardchaighdeán agus scileanna atá ábhartha do mhargadh an tsaothair a chothú, go háirithe tríd an bhfoghlaim aosach agus scileanna digiteacha a fheabhsú. Díriú níos fearr ar shochair shóisialta agus rochtain orthu siúd atá i ngátar a áirithiú.

4. Feabhas a chur ar athléimneacht, inrochtaineacht agus éifeachtacht an chórais sláinte, lena n-áirítear trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar chun pirimid an chúraim a aisiompú agus trí dhlús a chur le húsáid ríomhsheirbhísí sláinte. Cumas nuálaíochta an gheilleagair a neartú, lena n-áirítear trí thacú le hinstitiúidí taighde agus lena gcomhar níos dlúithe le gnólachtaí. Tuilleadh digitithe ar ghnólachtaí agus ar riarachán poiblí a fheabhsú, lena n-áirítear trí bhonneagar a fhorbairt.

5. Feabhas a chur ar an timpeallacht infheistíochta, go háirithe trí neamhspleáchas breithiúnach a chosaint. Comhairliúcháin phoiblí éifeachtacha agus rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta sa phróiseas ceaptha beartais a áirithiú.

6. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dheireadh a chur le bacainní rialála, riaracháin agus bonneagair chun dlús a chur le nósanna imeachta ceadúnúcháin agus le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh. Athchóiriú a dhéanamh ar bheartais athchóirithe foirgneamh agus ar scéimeanna tacaíochta chun éifeachtúlacht fuinnimh níos doimhne a dhreasú, coigilteas fuinnimh a chur chun cinn mar aon le céimniú amach níos tapa breoslaí iontaise i dtéamh agus in úsáid teaschaidéal níos tapúla. Dlús a chur le haistriú modha i dtreo iompair phoiblí agus soghluaisteachta gníomhaí agus úsáid níos tapa feithiclí leictreacha a chur chun cinn le dreasachtaí agus infheistíocht i mbonneagar luchtaithe. Feabhas a chur ar phleanáil straitéiseach fhadtéarmach agus mheántéarmach an aistrithe ghlais trí bheartais náisiúnta fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus leis an teachtaireacht REPowerEU chun cinnteacht a thabhairt don phobal gnó agus cistiú a úsáid go héifeachtach d’fhonn infheistíochtaí i bhfuinneamh glan a luathú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*